**Ceist 5** **(10 nóiméad an t-uasmhéid ama a mholtar)**

Taispeánann an léaráid thíos torthaí suirbhé ar dhaoine fásta maidir le cé chomh minic in aghaidh an lae a dhéanann siad seiceáil ar a gcuntais meán sóisialta.
Ní thaispeántar na torthaí le haghaidh WhatsApp.




10%

**(a)** Bain úsáid as an léaráid chun an dá cheist seo a leanas a fhreagairt.
I ngach cás, ná cuir tic (✓) ach sa bhosca ceart.

**(i)** An céatadán a rinne seiceáil ar a gcuntas *Instagram* thart ar uair amháin in aghaidh an lae ná:

| 15% | 21% | 37% | 51% |
|---|---|---|---|
| ☐ | ☑ | ☐ | ☐ |

**(ii)** An cuntas a ndearna $\frac{1}{4}$ go díreach de na húsáideoirí seiceáil air roinnt uaireanta in aghaidh an lae ná:

$\frac{1}{4} = 25\%$

| Facebook | Instagram | Snapchat | Twitter |
|---|---|---|---|
| ☐ | ☐ | ☐ | ☑ |

**(b)** Taispeántar na torthaí le haghaidh WhatsApp sa tábla thíos.
Bain úsáid as na luachanna sa tábla chun an léaráid thuas a chomhlánú.
B'fhéidir go mbeadh sé ina chabhair rialóir a úsáid. Ní gá duit an léaráid a scáthú.

| **Torthaí le haghaidh WhatsApp** | |
|---|---|
| Roinnt uaireanta i rith an lae: | 60% |
| Thart ar uair amháin in aghaidh an lae: | 20% |
| Ní chomh minic sin: | 20% |

**(c)** Tá fón póca ag Eoin.
D’íoc sé €80 nuair a cheannaigh sé an fón, i dtosach mhí an Mheithimh.
D’íoc sé €25 ag tús gach míosa ina dhiaidh sin.

Cé acu ceann de na graif thíos, **A** nó **B**, is fearr a thaispeánann an tslí inar caitheadh Eoin an t-airgead i rith na chéad 8 mí? Tabhair cúis le do fhreagra.

| **Graf A** | **Graf B** |
|---|---|
|  |  |

Freagra: **Graf A** ☑ **Graf B** ☐

(Cuir tic (✓) i mbosca **amháin**)

Cúis:

Bhī sē īoctha i bpīosaī, nī go leanūnach. Beidh Graf A a ceann is fearr.